# CUAILLE

AIBREÁN 2023

# Clár


Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh 3

Teachtaireacht Ghráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG 4

Do Threibh, Do Chontae 5

Ár gCluichí, Ár Laochra – Paul Flanagan 7

Camchuairt Cheolmhar na hÉireann 9

10 gCeist CLG Ort 9 Cuardach Focal – Na Laochra Réiteoirí 10

Cluiche Corr – Aimsigh na Focail! 12

Maigh Eo – Seaimpíní Peile na Sraithe 2023 13

An tarraingt déanta do Chomórtas Peile na Gaeltachta 14

Ó Sé ag súil le craobhchomórtas oscailte i 2023 15

Na foirne deimhnithe do Bhabhtaí Ceannais Scór na nÓg 2023 17

Nodanna ó Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Flanagan, don imreoir óg 19

CLG Ó Ghlúin go Glúin – GAA Generations 20

Ar Bhóithrín na Smaointe – An Chealltrach in aghaidh na Gaeltachta 22


Crosfhocal 23

Dúchas – Aedín Ní Bhriain ceaptha mar Oifigeach Gaeilge CLG na Mumhan 25

Rath ar an Lorgain agus ar an gCabhán i gComórtas Chú Chulainn 26

Freagraí 27

# Teachtaireacht An Uachtaráin



A chairde,

Ní féidir na sceitimíní a bhaineann le séasúr nua a shárú – mothúcháin an fhaitís, gach duine ar bís, an dóchas, an mhuinín agus an misneach atá faoi chois i ngach contae sula gcaitear isteach oiread agus liathróid amháin.

Tá an t-am tagtha dár gcuid imreoirí tiomanta, atá á réiteach féin le roinnt míonna anuas, féachaint chun tosaigh, a bheith ag smaoineamh go huaillmhianach agus a bheith ag díriú ar dhul ó neart go neart.

Mar is gnách, beidh muid faoi gheasa ag na scileanna éagsúla a chuireann na cluichí Gaelacha ar ardán ar leith i ndomhan mór an spóirt. Bua eile a chinnteoidh go bhfanfaidh ár gcluichí ar an ardán ar leith sin ná 'Meas'. Tá 'meas orainn féin', 'meas ar ár gcéilí comhraic' agus 'meas ar oifigigh chluichí' ríthábhachtach maidir le macántacht agus dea-cháil ár gcluichí agus ár gCumainn.

Insíonn an chaoi a n-iompraíonn muid muid féin go leor fúinn. Is éard atá uaimse ná go mbeadh cúrsaí measa á dtiomáint againn le chéile agus nach mbeadh aon ghá againn déileáil le haon eachtra os comhair an tsaoil mhóir ag eascairt as eachtraí déisteanacha nó achrainn.

Ba chóir go mbeadh cúrsaí measa mar bhunchloch de chuid chultúr CLG. Mar sin féin, is rud é cultúr a fhoghlaimíonn muid agus ní mór dúinn an chaoi le meas a léiriú mar chultúr a fhoghlaim, a neartú agus a thaispeáint arís agus arís eile go dtí go mbíonn sé mar ghnáthchuid inghlactha agus shoiléir den chaoi a n-iompraíonn muid muid féin.
Ní iarracht é seo ar an bpaisean a fheictear ag ár gcuid cluichí a mhaolú in aon chor, ach, nuair a ligeann muid don phaisean dul thar fóir agus dul as smacht, déanann na heachtraí a eascraíonn as a leithéid sin damáiste dár gcluichí agus den cháil atá orainn. Nuair a tharlaíonn a leithéid níor chóir go mbeadh faitíos orainn a bheith féincháinteach agus tabhairt faoin mí-iompar ar bhealach cuí.

Déanfar ráiteas thar ceann an Chumainn ag Comhdháil Bhliantúil 2023 i mí Feabhra maidir le cé chomh dáiríre is a bheidh muid ag tabhairt faoi cheisteanna smachta ina mbeidh athbhreithniú ann chomh maith le moltaí i leith píonós níos géire.

Thairis sin, tá ról ann dúinn uilig atá bainteach leis na cluichí Gaelacha a chinntiú gur féidir linn a bheith bródúil as an gcultúr measa atá agann dár gcuid cluichí, imreoirí, oifigigh chluichí, cóitseálaithe, daoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach agus dár lucht leanta. Cé acu leis an gclub nó leis an gcontae atá tú ag imirt, ag cabhrú go deonach nó mar oifigeach ata tú ag feidhmiú, go dtacaíonn tú leis an gclub nó leis an gcontae, tá dualgas orainn sampla a léiriú dúinn féin agus do dhaoine eile.

Tabhair Meas, Tuill Meas.

Labhrás Mac Cárthaigh,
Uachtarán Chumann
Lúthchleas Gael



A chairde,
Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor tar éis tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann i mí na Nollag seo caite. D'fhógair muid Paul Flanagan mar Ambasadóir na Gaeilge i mí an Mhárta – agus léifidh sibh go leor faoi Paul anseo in eagrán na míosa seo de Chuaille! Tá muid ag súil go mór le bheith ag obair leis ar thograí Gaeilge CLG.

Rinneadh ceiliúradh mór ar Sheachtain na Gaeilge agus ar Lá Idirnáisiúnta na mBan le linn mhí an Mhárta, freisin, ar mheáin shóisialta an Chumainn. Roimhe sin i mí Feabhra bhí Babhtaí Ceannais de Thráth na gCeisteanna Gaeilge ann agus ar an lá céanna bhí Lá na nOifigeach Gaeilge ann, áit ar tháinig Oifigigh Chultúir agus Ghaeilge na gcontaetha le chéile.

Agus Craobhchomórtais Idirchontae CLG ag téamh suas beidh go leor ar siúl againn lena linn. Beidh podchraoltaí le cloisteáil go minic i gcomhar le lucht An Spota Dubh agus na mórscéalta uilig ar an bpáirc imeartha faoi chaibidil acu.

Beidh 'Lámhleabhar an Réiteora Óig le seoladh againn go luath freisin agus, dar ndóigh, tá muid ag súil go mór leis na GAAgaeilge Go Games a bheidh ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mheithimh, áit a mbeidh plúr na n-iománaithe óga ó na ceantair Ghaeltachta ag léiriú a gcuid scileanna dúinn i bPáirc an Chrócaigh.

I mí an Mheithimh, freisin, beidh Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i méilte glasa Cheann Dubhrann i nGaeltacht Thír Chonaill. Tá muid ag súil go mór leis sin.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud éigin ann do gach duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste. Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal, 'Ár gCluichí, Ár Laochra' agus go leor eile in eagrán na ráithe seo.

Beirigí bua,

***Gráinne McElwain,***
***Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG***

# Cluichí Ceannais Chraobhacha Cúige Iomána



*Cá mhéad uair ar éirigh le clubanna ó do chontae Cluiche Ceannais Cúige Sinsir Club a bhaint amach?*

*Clubanna as 18 contae ar fad ar éirigh leo an beart a dhéanamh. An bhfuil do chontae ina measc?*

### LAIGHIN

- Cill Chainnigh – 31
- Uíbh Fhailí – 27
- Loch Garman – 20
- Áth Cliath – 13
- Laois – 11
- Ceatharlach – 2

### CONNACHTA

- Gaillimh – 38
- Ros Comáin – 25
- Maigh Eo – 13

### AN MHUMHAIN

- An Clár – 26
- Port Láirge – 25
- Corcaigh – 23
- Tiobraid Árann – 23
- Luimneach – 19

### ULAIDH

- Aontroim – 50
- An Dún – 38
- Doire – 17
- Ard Mhacha – 1



# COMHTHOLGADH



## NÍ GA A BHEITH LEAGTHA AMACH!

PLEAN GNÍMH

- Aithin na comharthaí agus na siomptóim
- Tuairiscigh má tá aon amhras ann, ná déan é a cheilt
- Athshlánú trí scíth a ligean agus trí ghlacadh le treoir leighis
- Fill tar éis Prótacail maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair a leanúint agus cead leighis a fháil

SIOMPTÓIM

- Tinneas Cinn, Mearbhaill, Samhnas, Meadhrán, Amharc Doiléir/Dúbailte, Íogaireacht i leith an tsolais, Meadhrán nó mearbhall a bheith ort, Gan a bheith "ag mothú i gceart", fadhbanna cuimhne, brú sa chloigeann

**Le haghaidh na bPrótacal maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair agus le haghaidh tuilleadh eolais faoi chomhtholgadh gabh chuig learning.gaa.ie/Concussion**
**MÁ TÁ AON AMHRAS ORT, COINNIGH AMACH ÓN NGORT**

*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí Ár Laochra

## *Paul Flanagan*

**Ceapadh Paul Flanagan duine de laochra móra iomána an Chláir, ina Ambasadóir Gaeilge do Chumann Lúthchleas Gael le gairid. Mar chuid de na jabanna móra a thug muid dó ar a chéad lá, d'iarr muid air páirt a ghlacadh sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra'!**

**Bhí an-bhliain ag Paul le hiománaithe an Chláir anuraidh agus tugadh aitheantas dá chuid gaiscí ar an bpáirc imeartha nuair a ainmníodh é ar an ngearrliosta do Ghradam All-Star. Bhí sé ina chaptaen ar fhoireann f21 an Chláir nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann sa bhliain 2013. Tá neart buaite aige lena chlub Baile Uí Aodha thar na blianta, freisin, ina n-áirítear Craobh Shinsir na Mumhan sa bhiain 2016.**



**'Ta mo shaol lán le Gaeilge agus tá an t-ádh liom go bhfuil mé i bpost a bhaineann leis an nGaeilge. Mar Ambasadóir na Gaeilge tá mé ag súil le b'fhéidir léargas a thabhairt do dhaoine air sin agus ar mo shaol imeartha agus, dar ndóigh, agus an ceangal atá idir an dá rud.**

**'Is as contae an Chláir mé agus bainim taitneamh as a bheith ag maireachtáil ansan agus tá sé iontach go bhfuil an Ghaeilge chomh láidir sin i mo shaolsa.'**

**Ainm:**
Paul Flanagan

**Aois:**
30

**Club:**
Baile Aodha

**Contae:**
Áth Cliath

**An scannán is fearr leat?**
Cool Runnings

**Leabhar is fearr leat:**
A Monk Who Sold His Ferrari

**Banna ceoil is fearr leat:**
Coldplay

**An áit is fearr leat:**
Contae an Chláir

**Breathnaigh ar Paul ag freagairt na gceisteanna ag an nasc seo a leanas: https://youtu.be/uyQd-PrtdUc**



**An bia is fearr leat:**
Lasagne

**Clár teilifíse is fearr leat:**
Grand Designs

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Seánie McMahon

**Do chéad chuimhne CLG:**
Ag freastal ar chluichí le mo thuismitheoirí

**An chéad uair ag imirt le do chontae:**
2014

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Tony Kelly

**An t-imreoir is fearr le himirt i d'aghaidh:**
TJ Reid

**An cluiche is fearr a d'imir tú:**
Cluiche Ceannais na Mumhan an bhliain seo caite

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gcontae go dtí seo:**
Ag tosú leis an gClár cúpla bliain ó shin

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gclub go dtí seo:**
Craobh na hÉireann i 2017

**An duine a raibh an tionchar is mó aige nó aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Mo phríomhoide sa bhunscoil, Eddie Liddy

**Aon chomhairle agat d'imreoirí óga:**
Gabh amach agus bain taitneamh as. Bain taitneamh as a bheith le do chairde agus le do chlub.

**Aon chaitheamh aimsire eile:**
Is aoibhinn liom a bheith ag imirt gailf agus is aoibhinn liom a bheith ag snámh sa bhfarraige.

**Laoch spóirt taobh amuigh de CLG:**
Rory McIlroy

***Gluais*** / Glossary
***Laoch*** – Hero ***Sraith*** – Series ***Aitheantas*** – Recognition ***Gaiscí*** – Exploits ***Gearrliosta*** – Shortlist ***Léargas*** – Insight
***Saol Imeartha*** – Playing Career ***Ceangal*** – Connection ***Buaicphointe*** – Highlight ***Comhairle*** – Advice

# Camchuairt Cheolmhar na hÉireann!

## *Le  hAedín Ní Bhriain*

Seo linn ar turas bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh. Seo chugaibh amhrán Luimnigh – Limerick, You're a Lady le Denis Allen as Gaeilge. Bainigí sult as!



***Luimneach, 's Tú mo Spéirbhean***
(Dennis Allen)

Curfá

Luimneach, 's tú mo spéirbhean,
An tSionna' mheidhreach ' sileadh deora caoin';
Leis an áilleacht i do thimpeall,
Ar mo thaisteal dom 'sea fanann tú im' chroí.
Nuair a dhúisím ar maidin 's mé go huaigneach,
Is lá úr nua ag breacadh romham sa cheo,
Luimneach, 's tú mo spéirbhean!
'S tú searc mo chléibhe choíche is go deo!

Is iomaí lá fadó is sinn ar bhruach na habhann
Ag súgradh ins an sneachta nó faoin ngréin,
Ag seilg sna srutháin; b'aoibhinn liom an dán
A chum d'áilleacht i mo chroí is canaimse arís:
Luimneach...

Tá bronntanais na mbliant' anseo don taistealaí
Is e ar thóir an aoibhnis 'tá sa tír
Páirc ársa ag leanaí, na cloig ag bualadh guí
Nach breá bheith beo gach maidin gheal ar shráideanna Luimní:
Luimneach...






# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cén contae as cúige Uladh a bhuaigh Craobh Peile Sinsir na hÉireann don chéad uair?
2. Cá mhéad Craobh Sinsir Peile Uile-Éireann atá buaite ag Gaillimh?
3. Cén contae a bhfuil an líon is mó Craobhacha Iomána na Mumhan buaite acu?
4. Cé contae lena n-imríonn Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Flanagan?
5. Cén chraobh idirchontae iomána ina n-imríonn an Dún?
6. Cé a rinne réiteoireacht ar Chluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann i 2019?
7. Cén contae ina n-imríonn Tobar Phádraig?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael le linn na mblianta 2003-2006?
9. Cen contae ina n-imríonn Ard Cloch?
10. Cé hiad curaidh reatha peile club Mhaigh Eo?

**FREAGRAÍ**




*Colm Lyons, David Coldrick, Uachtarán Labhrás Mac Cárthaigh, Thomas Gleeson agus Seán Hurson ag seolash 'meas do na réiteoirí' i bPáirc an Chrócaigh le gairid*

# Cluiche Corr – Aimsigh na Focail!

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | E | A | R | N | Ó | G | B | H | A | B | H | L | Á | L | A | E | C |
| E | A | G | I | M | P | S | U | B | F | U | N | T | A | R | H | L | E |
| A | C | É | T | F | S | D | I | C | E | A | P | A | D | Ó | I | R | A |
| P | H | B | H | M | C | O | L | M | A | I | E | D | Í | A | Ú | A | P |
| A | E | B | G | Ó | A | Í | L | B | S | L | A | C | A | Í | C | G | A |
| D | Ó | I | T | E | O | C | E | Á | L | É | S | Ú | D | S | B | É | D |
| Ó | F | L | H | N | I | U | B | S | A | H | N | I | O | H | A | I | Ó |
| I | C | C | A | D | L | E | A | E | G | M | C | P | A | Ó | B | P | I |
| R | Ó | E | R | O | E | Á | I | D | F | Í | T | F | T | I | H | U | R |
| C | Á | É | T | N | A | C | L | B | Á | I | É | Í | Á | R | L | B | D |
| Ú | P | D | E | R | D | T | E | O | R | A | I | N | N | T | Á | S | A |
| I | O | Í | O | L | H | N | R | G | Ú | R | Ó | M | F | I | L | H | O |
| L | G | B | R | É | G | É | D | Ó | É | R | C | T | A | M | A | O | R |
| N | S | L | A | C | Á | N | R | T | U | A | H | D | F | Ú | Í | S | A |
| Á | C | É | I | G | U | Ó | H | P | Í | C | E | D | G | F | B | Ú | I |
| N | H | O | N | H | R | L | P | S | M | H | R | N | Í | L | G | L | D |
| M | S | Ú | N | B | F | Ó | I | P | U | T | D | A | O | R | A | D | H |
| Í | G | A | R | C | H | E | A | P | A | D | Ó | I | R | T | P | Ú | M |

*Aimsigh na focail seo a leanas a bhaineann le cluiche corr:*

**Babhlálaí** (Bowler)

**Buail** (Tag)

**Buille Baile** (Home Run)

**Ceapadóir** (Fielder)

**Ceapadóir Cúil** (Backstop)

**Ceapadóir Daoraidh** (Base Minder)

**Cearnóg Bhabhlála** (Bowling Area)

**Daoradh** (Base)

**Dóite** (Out)

**Garcheapadóir** (Shortstop)

**Maor** (Umpire)

**Mi-Iarracht** (Bad Ball)

**Rith** (Rounder)

**Teorainn** (Foul Line)

**Thar Teorainn** (Foul Ball)

**Scaoileadh** (Walk-on)

Slacán (Rounders Bat)

**Slacaí** (Batter)



# Maigh Eo – Seaimpíní Peile Roinn 1 na Sraithe 2023



# An tarraingt déanta do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2023

*Tá an tarraingt déanta do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2023. Beidh comórtas na bliana seo á reáchtáil ag CLG Naomh Muire, Íochtar na Rosann, Contae Dhún na nGall agus tiocfaidh lucht Gaeilge agus lucht Gaeltachta as gach cearn den tír le bheith páirteach ann.*

*Is féidir coinneáil suas chun dáta leis an nuacht uilig ó Chomórtas Peile na Gaeltachta ar Rannóg Ghaeilge GAA.ie nó ar Twitter ar @CPnaGaeltachta*

*Is mar seo a leanas a tarraingíodh amach na foirne:*

**Comórtas Peile na Gaeltachta 2023 – Sinsir**

1. Gaillimh v Corcaigh
2. Cumann Caide na Gaeltachta (Ciarraí) v Béal an Mhuirthead (Maigh Eo)
3. Dún na nGall v Béal Átha an Ghaorthaidh (Corcaigh)
4. Bhulf Tón (An Mhí) v An Rinn (Port Láirge)

**Cluichí Leathcheannais**

2 v 3

1 v 4

**Comórtas Peile na Gaeltachta 2023 – Sóisir**

**Réamhbhabhtaí**

1. Dún na nGall v Gaeil Fhánada (Dún na nGall)
2. Na Gaeil Óga (Áth Cliath) v Gaillimh
3. Clann na nGael (An Mhí) v Lios Póil (Ciarraí)

**Cluichí Ceathrú Ceannais**

A. 2 v 3

B. Cill Chomáin (Maigh Eo) v Laochra Loch Lao (Aontroim)

C. Corcaigh v 1

**Cluichí Leathcheannais**

Naomh Muire (Dún na nGall) v B

A v C

**Peil na mBan – Comórtas Sinsir**

Cill Chomáin (Maigh Eo) v Dún na nGall

Clann na nGael (An Mhí) v Gaillimh

**Peil na mBan – Comórtas Sóisir**

**Réamhbhabhta**

1. Gaillimh v Bhulf Tón (An Mhí)
2. Laochra Loch Lao (Aontroim) v Maigh Eo

**Cluichí Leathcheannais**

1 v 2

Dún na nGall v Naomh Muire (Dún na nGall)


Odhrán Mac Niallais ar an ionsaí do Ghaoth Dobhair



*Le Jamie Ó Tuama*



# Ó Sé ag súil le craobhchomórtas oscailte i 2023

***Fógraíodh le cúpla mí anuas go raibh GAAGO réidh le leathnú amach in Éirinn tar éis dóibh ocht mbliana a chaitheamh ag déanamh freastail ar mhuintir na hÉireannn thar lear trí na cluichí Gaelacha a chraoladh. Craolfar 38 cluiche ar fad ar GAAGO i mbliana agus is í an láithreoir aitheanta, Gráinne McElwain, a bheidh mar láithreoir ar an gclúdach nua seo.***

Ina measc siúd a bhí i láthair ag an seoladh GAAGO cúpla mí ó shin, bhí Marc Ó Sé. Beidh Ó Sé i mbun cúrsaí anailíse ar an gclár i measc go leor eile – Paddy Andrews, Eoin Cadigan, Michael Murphy agus Séamus Hickey san áireamh. Labhair GAA.ie le Marc faoin stáisiún nua seo agus faoi chraobh peile 2023. D'iarr muid ar Mharc an raibh sé ag súil le bheith ag obair le GAAGO.

'Tá mé ag súil go mór leis agus tá sé ana-dheas a bheith ag an seoladh,' a deir Marc. 'Rud iontach is ea é do Chumann Lúthchleas Gael go bhfuil, is dócha, a seó féin acu agus go bhfuil siad in ann taifead a dhéanamh ar na cluichí agus iad a bheith ar siúl ar fud an domhain. 'Táim breá sásta a bheith bainteach leo agus ag féachaint ar na cluichí agus ag déanamh cáinte agus anailíse ar na cluichí mar, is dóigh liom, nuair a éiríonn tú as an bpeil is rud deas é a bheith sáite fós sa bpeil agus ag déanamh cáinte ar na cluichí.'

'Tá mé ag tnúth go mór leis an mbliain, ag féachaint ar Chiarraí agus ar na contaetha eile. Gan dabht, bhí bliain iontach aige Ciarraí ach beidh mórán contaetha eile ar thóir Sam Mhig Uidhir sa mbliain amach romhainn. Táim breá sásta a bheith sáite le GAAGo agus táim ag tnúth go mór leis an mbliain amach romhainn.'

Maidir le craobhchomórtas peile 2023 tá Marc den tuairim go mbeidh craobh an-oscailte ann agus é ag ceapadh go mbeidh Áth Cliath, ach go háirithe, láidir.

'Is dóigh liom, an bhliain amach romhainn, beidh sé ana-shuimiúil ar fad', a deir Marc. 'Gan dabht tá Ciarraí tar éis an Corn a bhuachaint i mbliana. Bhíodar ag teacht le cúpla bliain anuas ach mo thuairim féin ná go mbeidh Bleá Cliath an-láidir ar fad. Nuair is féidir le leithéidí Jack McCaffrey agus Paul Mannion a thabhairt thar n-ais, is dóigh liom, beidh siad siúd ag féachaint chun dul an slí ar fad.

'Bhíos ag rá ansan go bhfuil Pádraic Joyce tar éis imreoirí nua a thógaint thar n-ais, imreoirí a bhí ar an bpainéal le cúpla bliain agus, b'fhéidir, bhíodar imithe bliain nó dhó. Tá siad san thar n-ais.

'Beidh an Ghaillimh, beidh siad i bhfad Éireann níos láidre chomh maith. Chomh maith leis sin, tá tú ag féachaint ar leithéidí Ard Mhacha. Tá tú ag féachaint ar Mhaigh Eo. Cad a dhéanfaidh siad leis an mbainistíocht nua? Tá Oisín Mullin imithe. Cad a dhéanfaidh Lee Keegan? An bhfanfaidh sé nó an éireoidh sé as? Is dóigh liom go bhfuil bliain nó dhó fós ann.

'Ag féachaint air, tá Ciarraí ann. Tá Ard Mhacha, an Ghaillimh agus Doire ann gan dabht. Ach, is dóigh liomsa, an fhoireann a mbeinnse ag féachaint orthu agus tá ana-sheans acu i 2023 ná Bleá Cliath.'

Tá go leor den tuairim go dtabharfaidh bua mór Chiarraí anuraidh muinín do na himreoirí agus iad ar thóir Chraobh Uile-Éireann eile. Aontaíonn Marc lena leithéid.

'Is dóigh liom go dtabharfaidh,' a deir Marc. 'Bhíodar

ann i 2019 agus bhí ana-sheans acu an lá sin an cluiche a bhuachaint agus, faraor, níor thit sé amach. Tá siad cúpla bliain níos sine anois agus tá leithéidí David Clifford ag dul in aos. Páidí Clifford, Seánie Ó Shea, na cosantóirí, Tadhg Morley, imreoirí cliste agus is dóigh go bhfuil an mhuinín acu anois go háirithe tar éis dóibh an chraobh a bhuachaint.

'Is dóigh liom go bhfuil an mhuinín acu anois dul ar aghaidh agus cúpla ceann eile a bhuachaint. Deacair a shamhlú an dtarlóidh sé i mbliana nó ná tarlóidh ach, mar a dúras, tá leithéidí Bhleá Cliath agus na foirne eile agus beidh siad ag dul ar thóir Sam Maguire.

'Ana-sheans ag Ciarraí chomh maith. Beidh sé suimiúil cad a tharlóidh le David Moran. An bhfanfaidh sé ann nó an éireoidh sé as? Bheadh sé deas dá bhfanfadh sé ann i gcomhair bliana eile ach beidh sé suimiúil i 2023. Níl aon dabht faoi san.'







Aithnítear go forleathan go bhfuil David Clifford lárnach i ngach rud maith a dhéanann Ciarraí agus a chlub An Fosadh. Réalta mhór peile is ea é agus tá an-mheas ag daoine idir óg agus aosta ar a ghaiscí imeartha. Labhair Marc linn faoin tionchar atá á imirt aige ar an gcluiche faoi láthair.

'Bheul,' arsa Marc, 'nuair a luafais an Fosadh ansan, bhíos mar bhainisteoir le Lios Treighe agus bhuaigh an Fosadh orainn tar éis am breise i gcluiche ceannais an chontae. Chonac an lá san, tá a fhios againn ar fad cé chomh maith is atá sé, ach chonac an lá sin cé chomh maith is atá sé sa slí a bhí sé in ann an Fosadh a thabhairt thar an líne agus é a bhauchaint nach mór é féin. Sin é chomh maith is atá sé. Cad a tharlódh dá dtitfeadh aon rud amach le David Clifford?

'Dá mba rud é go mbeadh gortú ná aon rud eile ag cur as dó bheadh Ciarraí i dtrioblóid mhór. Tá an t-ádh glan linn go bhfuil sé ag imirt le Ciarraí agus bheifeá ag díol an airgid le dul isteach agus féachaint air féin. Tugaimse mo mhac féin go dtí na cluichí chun féachaint ar David Clifford agus is é David Clifford an t-aon duine a mbíonn sé ag caint air agus ag tagairt faoi.

'Tá tionchar mór aige ar bhuachaillí agus ar chailíní óga atá ag fás aníos i gCiarraí agus sa tír ar fad chun an fhírinne a rá. Mar a fheicimid thá daoine ag dul go dtí na cluichí ar fad chun féachaint ar David agus chun, b'fhéidir, síniú a fháil tar éis an chluiche. Tá ardmheas agam ar an bhfear san.'

Le Jamie Ó Tuama

# Na foirne deimhnithe do Scór na nÓg 2023



Tá na foirne deimhnithe do Bhabhtaí Ceannais na hÉireann de Scór na nÓg 2023 a bheidh ar siúl san INEC, Cill Airne, ar 6 Bealtaine. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil féasta mór ceoil, amhránaíochta, damhsa, aithriseoireachta agus aisteoireachta amach romhainn ag na babhtaí ceannais.

Beidh ticéid ar fáil go luath do na clubanna atá ag glacadh páirte ann agus ina dhiaidh sin don mhórphobal. Dar ndóigh craolfar na babhtaí ceannais ar Stáisiún Youtube Trad TG4 freisin!

Déanfar ionadaíocht ar 34 club ar fad agus ar 21 contae ag na babhtaí ceannais – naoi gclub as Cúige Uladh, naoi gclub as Cúige Mumhan, ocht gclub as Cúige Laighean agus ocht gclub as Cúige Chonnacht.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus le coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is déanaí coinnigh súil amach ar ardáin chumarsáide CLG agus ar leathanach FB GAA Scór Oifigiúil.

**NA CLUBANNA**

***Rince Foirne***

Connachta - CLG Naomh Muire, Liatroim
Laighin – CLG an Bhaile Mhóir, An Longfort
An Mhumhain – CLG an Chaisleáin Nua, Tiobraid Árann
Ulaidh – CLG Chill Shléibhe, Ard Mhacha

***Amhránaíocht Aonair***

Connachta – Gemma Ní Chathasaigh, CLG Naomh Dominic, Ros Comáin
Laighin – Clár Ní Fhloinn, CLG Bhéal Átha Chomair, Uíbh Fhailí
An Mhumhain – Sibéal Ní Mhórdha, CLG Raonaithe Chairbre, Corcaigh
Ulaidh – Katie Nic Giolla Chohaill, CLG Naomh Adhnamhnáin, Dún na nGall

***Aithriseoireacht / Scéalaíocht***

Connachta – Lúsaí Nic Diarmada, CLG Na Daibhéidigh, Maigh Eo
Laighin – Alannah Ní Chorúin, CLG Na Dúnta, An Iarmhí
An Mhumhain – Daithí Ó Cinnéide, Cumann Uí Chíonáin Teampall Doire, Tiobraid Árann
Ulaidh – Niamh Ní Uiginn, CLG An Gleann, Doire

***Bailéad-Ghrúpa***

Connachta – CLG Daibhéidigh na Muaidhe, Maigh Eo
Laighin – CLG Uile-Bhán na Mhóta, Co. na hIarmhí
An Mhumhain – CLG Ghleann Fleisce, Ciarraí
Ulaidh – CLG Naomh Treasa Loch Mhic Ruairí, Tír Eoghain

***Nuachleas***

Connachta – CLG Naomh Dominic, Ros Comáin
Laighin – CLG Na Dúnta, An Iarmhí
An Mhumhain – CLG An Bhánóg, Luimneach
Ulaidh – CLG Bhun Cranncha, Dún na nGall

***Ceol Uirlise***


Connachta – CLG Daibhéidigh na Muaidhe, Maigh Eo
Laighin – CLG Eachroma, Cill Mhantáin
An Mhumhain – CLG Crotta Ó Néill, Ciarraí
Ulaidh – CLG Ropairí na Madáin, Ard Mhacha

***Rince Seit***

Connachta – CLG Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh
Laighin – CLG na Dúnta, An Iarmhí
An Mhumhain – CLG An Spá, Ciarraí
Ulaidh – CLG Ghleann an Iolair, Doire

***Tráth na gCeist***

Connachta – CLG Mionlach-An Sceachánach, Gaillimh, CLG Eanach Duibh, Liatroim, CLG Chill Ghlais, Ros Comáin
Laighin – CLG Cill Eo Óg, An Longfort, CLG Ó Duibhir, Áth Cliath, CLG Bhaile an Mhuilinn, Cill Dara
An Mhumhain – CLG Chloich na Coillte, Corcaigh, CLG Thulach Sheasta, Tiobraid Árann, CLG Phairnéalaigh Thrá Lí, CiarraíUlaidh –, CLG Naomh Columba, Dún na nGall, CLG Droim Leathain, An Cabhán, CLG Chon Mhig Aoidh, Aontroim



# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

GAA

**Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.**

**Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.**

**Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.**

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois

✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti

✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'

✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta

✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

*Ár gcluichí. Ár rogha.*

**Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.**




## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

**Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**

*Le Jamie Ó Tuama*

# Nodanna ó Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Flanagan, don imreoir óg




*Is é Paul Flanagan, An Clár, atá mar Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael do 2023*

Ceapadh Paul Flanagan ina Ambasadóir Gaeilge CLG le gairid. Iománaí e Paul a bhí i gcónaí sásta éisteacht lena chuid cóitseálaithe agus é ag fás aníos. Tá comhairle aige anseo d'imreoirí óga atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid imeartha.

'Bheul, déarfainn i gcónaí', a deir Paul, 'má tá suim agat i gcúrsaí iomána nó i gcursaí peile, nó cibé rud a bhfuil suim agat ann, caithfidh tú cleachtadh a dhéanamh agus má tá tú paiseanta faoi ní bhíonn an cleachtadh sin ródheacair.'

Ní bhíonn sé ródhúshlánach má tá do chroí istigh ann agus má tá tú ag iarraidh feabhas a chur ar do chuid scileanna. Sin an rud is fearr a dhéanamh, cleachtadh chuile lá má ta tú in ann é a dhéanamh.'

Sa lá atá inniu ann, tá go leor rudaí éagsúla sa saol a mheallann aird páistí óga agus, ina measc siúd, tá ríomhairí agus na cluichí éagsúla a théann leo. Molann Paul go mór meascán folláin a aimsiú idir an líon ama a chaitear ar ríomhairí agus an líon ama a chaitear amuigh faoin aer.

'An chomhairle a thabharfainn dóibh', a deir sé, 'ná go bhfuil sé iontach a bheith ag súgradh orthu (na ríomhairí) ach, b'fhéidir, Dé Sathairn nó Dé Domhnaigh dul chuig do chlub agus bualadh le do chairde.

'Go háirithe i rith na seachtaine má tá tú in ann dul amach sa ghairdín nó sa chlós agus cluiche a imirt le do dheartháireacha nó le do dheirfiúracha. Nuair a bhí mé féin sa bhaile thaitin sé go mór liom dul amach. Bhí an balla os mo chomhair agus bhí mé in ann imirt. Bhí mé ar mo sháimhín agus mé á dhéanamh sin.

'Ceapaim gur rud iontach é do dhaoine óga beagáinín 'switch off' a a bheith acu agus go bhfuil siad in ann taitneamh a bhaint as.'

Tá Paul go mór den tuairim go bhfuil sé an-tábhachtach d'imreoirí óga a bheith ag éisteacht lena gcuid cóitseálaithe, freisin, agus meas a léiriú orthu.

'Tá sé iontach tábhachtach' a deir Paul. 'Tá an t-ádh liom go raibh neart cóitseálaithe iontacha agamsa. Ó dhaoine éagsúla, is féidir leat rudaí éagsúla a fhoghlaim chomh maith. Bíonn tréithe éagsúla ag gach duine agus sin an rud is speisialta faoi na cóisteálaithe agus sin an rud a thaitníonn leo faoi na gasúir atá ag traenáil.

'Abair, go raibh maith agat leis na cóitseálaithe atá agat. Déanann sé sin maitheas dóibh mar tá siad ag déanamh a ndícheall tú a chur chun cinn.'




# CLG Ó Ghlúin go Glúin - GAA Generations

***Tá traidisiún saibhir láidir againn in Éirinn de bheith ag cur ar aghaidh ár gcuid scéalta ó ghlúin go glúin. Le ceiliúradh cuí a dhéanamh air sin, agus le tuiscint níos fearr a fháil ar thábhacht CLG dár gcuid ball, tá an togra taighde béil 'GAA Generations' seolta againn.***

***Cad é 'GAA Generations'?***

Tá sé an-simplí! Tá cuireadh á thabhairt againn do bhaill óga, idir 12-21 bliain d'aois, de chuid CLG, Chumann Peile na mBan agus an Cumann Camógaíochta taifid a dhéanamh ar a bhfóin phóca d'agallaimh le daoine fásta; daoine a bhfuil meas acu orthu agus atá os cionn 55 bliain d'aois. Mar shampla, tuismitheoir/seantuismitheoir, cóitseálaí, iarmhúinteoir nó múinteoir reatha a chabhraigh leis an duine óg barr a c(h)umais a bhaint amach.

Tabharfar deis do na daoine fásta agallamh a chur ar an dream óg faoina gcuid scéalta CLG féin, freisin, agus faoin mbealach ar chabhragh CLG lena múnlú mar dhaoine.

***Cad é aidhm an togra?***

Tá sé d'aidhm ag 'GAA Generations' idir 500-1,000 ball de chuid CLG, Chumann Peile na mBan agus An Cumann Camógaíochta (atá idir 12-21 bliain d'aois) a earcú. Gheobhaidh na daoine seo traenáil ar líne maidir leis an gcaoi is fearr leis na hagallaimh a dhéanamh. Stórálfar na hagallaimh, a ndéanfar taifead orthu ar fhóin chliste agus ina mbeidh grianghraif díobh iniata leo, ar ardán ríomhfhoghlama CLG agus foilseofar iad mar chuid de chartlann CLG. Gheobhaidh gach duine a ghlacann páirt sa togra Teastas Rannpháirtíochta UNESCO do dhaoine óga.

***Cén chaoi a bhfuil mé in ann páirt a ghlacadh ann?***

Más ball de chuid CLG, Chumann Peile na mBan nó An Cumann Camógaíochta tú atá idir 12-21 biain d'aois agus má tá suim agat páirt a ghlacadh sa togra taighde seo líon isteach an fhoirm léirithe spéise seo a leanas: expression of interest form.

Más múinteoir tú agus dá mba mhian leat go mbeadh do chuid daltaí páirteach ann, gabh chuig an leathanach seo a leanas: Teacher Classroom Activity Page.

***Cén chaoi a n-oibríonn sé?***

***CÉIM 1 –*** Cuirfear scéala chuig na rannpháirtithe a roghnaítear agus ní mór do na rannpháirithe sin páirt a ghlacadh i seimineár eolais ar líne (dáta le deimhniú).

***CÉIM 2 –*** Ní mór do rannpháirtithe modúl oiliúna ar líne a dhéanamh ar ardán ríomhfhoghlama CLG.

***CÉIM 3 –*** Ainmneoidh na rannpháirtithe an duine atá os cionn 55 a bheidh á chur faoi agallamh acu agus cuirfidh siad agallamh 15 nóiméad, nó mar sin, orthu ar a bhfóin chliste.

***CÉIM 4 –*** Déanfar na hagallaimh a uaslódáil chuig ardán ríomhfhoghlama CLG.

***CÉIM 5 –*** Cuirfear Teastas Rannpháirtíochta UNESCO do dhaoine óga chuig na rannpháirtithe.

***CÉIM 6 –*** Déanfaidh taighdeoirí de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, anailís ar na hagallaimh.

***CÉIM 7 –*** Déanfaidh an t-aisteoir Éireannach, Cillian Murphy, guthú ar fhíseán ina bhfuil torthaí uile an togra.

Tuilleadh eolais: gaagenerations@gaa.ie nó Stephen Quinn ar +353 (0) 1 819 2387

*Tá maoiniú faighte ag 'GAA Generations' ó Rannóg Mheabhairshláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tríd an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Glacfar le líon teoranta rannpháirtithe ag brath ar chúrsaí anailíse.*

Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

GAA




# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**

Le Jamie Ó Tuama

# Ar Bhóithrín na Smaointe...
# An Chealltrach in aghaidh na Gaeltachta



An Chealtrach in aghaidh na Gaeltachta - Cluiche Ceannais na hÉireann 2004

Is ócáidí móra millteacha iad Cluichí Ceannais Peile agus Iomána Club na hÉireann i bhféilire Chumann Lúthchleas Gael gach bliain. Is iomaí cuimhne atá ag daoine ar na cuichí ceannais speisialta seo ag gabháil siar go tús na seachtóidí nuair a cuireadh tús leo an chéad lá.

Ceann de na cluichí ceannais is mó a sheasann amach i gcuimhne na ndaoine ná cluiche ceannais peile na bliana 2004 nuair a d'imir An Chealtrach ó Ghaillimh in aghaidh na Gaeltachta ó Chiarraí. Is minic a thugtar Cluiche Ceannais na nDeartháireacha ar an gcluiche ceannais sin. Is rud an-choitianta é deartháireacha a bheith ag imirt ar an bhfoireann chéanna le chéile ach bhí rud thar a bheith speisiata ann an lá sin.

Bhí ceathrar de mhuintir Uí Shé agus beirt de mhuintir Mhic Gearailt ar phainéal na Gaeltachta agus bhí Feargal, an duine is sine de mhuntir Uí Shé, ann mar bhainisteoir ar an bhfoireann chomh maith.

Ar phainéal na Cealtraí an lá sin bhí seisear deartháireacha de chuid mhuintir Uí Mhiacháin, ceathrar de chuid mhuintir Mhic Giolla Rua, chomh maith le beirt de mhuintir Mhic Giolla Léith, Uí Mhuirí, Uí Choistealbha, Uí Chealaigh agus Mhic Fhiachra. An bhfeicfear a leithéid sin arís?

Maidir leis an gcluiche féin a imríodh os comhair 38,500 duine, ba iad foireann na Cealltraí a thug leo Corn Andy Merrigan ar scór 0-13 go dtí 0-12 agus gan ach oiread na fríde idir na foirne.

As na trí chúilín déag ar fad a d'aimsigh foireann na Cealtraí fuair muintir Uí Mhiacháin 12 acu – Micheál le sé cinn, Nollaig le cúig cinn agus Déaglán le ceann amháin.

An bhfeicfear a leithéid arís choíche? Nuair a bhaineann sé leis an gclub maireann sé go deo.

# Crosfhocal


**TRASNA**

1. Rúnaí CLG 1979-2007 (1,12)
5. Club Richie Hogan Dún Feart (3,5)
8. Sráidbhaile Dúchais Shomhairle Mhig Uidhir (3,7)
10. Líon Craobhacha Uile-Éireann ag Jimmy Barry Murphy san iomáint (4) Cúig
12. Captaen Iománaithe Luimnigh (6)
13. Ionad Chluiche Ceannais Peile na hÉireann sa bhliain 1947, ___ Grounds (4)
14. Líon Gradam All-Star ata ag Stephen Cluxton (2)
15. Leasainm Chill Chainnigh (2,4)
16. Corn a bhronntar ar bhuaiteoirí na mBan (8,1,7)

**SÍOS**

2. Buaiteoirí deireanacha Uladh i gCraobh Shinsir Camógaíochta (8)
3. Peileadóir na Bliana 2016 (5)
4. Seaimpíní reatha Chorn Labhraí Uí Mheachair (2)
6. Ionad Bhabhtaí Ceannais Scór na nÓg (4)
7. Bainisteoir Pheileadóirí Átha Cliath (7)
9. Captaen Fhoireann Bhuacach Chiarraí 2004 (1,8)
11. Ambasadóir na Gaeilge CLG (8)

**FREAGRAÍ**



# Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie





# Dúchas – Aedín Ní Bhriain ceaptha mar Oifigeach Gaeilge CLG na Mumhan

**Thosaigh Aedín Ní Bhriain, Oifigeach Forbartha Gaeilge CLG na Mumhan, ina ról nua in Árus na Mumhan le déanaí. Foghlaim tuilleadh faoi Aedín anseo.**

Is cúis áthais agus bróid dom é a bheith ceaptha sa ról mar Oifigeach Forbartha Gaeilge le CLG na Mumhan. Seo an chéad cheapachán dá leithéid sa Chúige agus táim ag tnúth go mór le haithne a chur oraibh go léir agus sinn ag ceiliúradh na Gaelainne mar bhaill de bhunphobal CLG.

Is i gCathair Luimnigh a rugadh agus a tógadh mé – ar bhóthar na hInse, díreach trasna an bhóthair ó Pháirc na nGael. Ní haon ionadh é mar sin gur chaitheas an-chuid ama ag na cluichí éagsúla agus ag na seisiúin traenála (tráth a ceadaíodh é sin!) agus mé ag fás aníos!

Bhí an-tóir ag mo mháthair i gcónaí ar an iomáint mar bhall den chlub Treaty Sarsfields i Luimneach agus is maith is cuimhin liom, freisin, na scéalta óna hóige faoi Mick Mackey, Christy Ring, Nickey Rackard agus laochra eile mór le rá.

Bhí an Ghaeilge mar chuid lárnach dár saol sa teach seo'gainne agus labhair ár dtuismitheoirí, Máirín agus Jack, Gaeilge leis an gcúigear clainne a bhí acu. D'fhreastail mé ar Mhodh Scoil na gCailíní agus ar Scoil A Cnoc na Labhras i Luimneach agus sa tslí sin, cothaíodh an grá don teanga ar scoil chomh maith. Bhí sé mar phribhléid agam filleadh ar Chnoc na Labhras mar phríomhoide níos déanaí i mo shaol proifisiúnta, rud a thug deis dom saibhreas na teanga a roinnt leis an gcéad ghlúin eile.

Bhí idir cheol agus rince sa teaghlach i gcónaí, freisin. Bhunaigh mo sheanmháthair, Úna Ní Ruairc – Tuathaigh ár Scoil Rince, Scoil Rince Uí Ruairc i Luimneach i 1929 agus tá an scoil fós ar an bhfód inniu. Is iomaí oíche a chaitheamar ag Scór, Fleádhanna agus Féilte éagsúla ag glacadh páirte san amhránaíocht, sa cheol uirlise agus sna comórtais rince. Cé nach raibh bua na hiomána ná na caide ionam, d'éirigh liom Craobh na hÉireann san Amhránaíocht Aonair a bhaint amach i Scór na n-Óg le linn chomóradh an chéid (rud a thaispeánann go bhfuil áit dúinn uilig ann is dócha– fiú muna bhfuil tú oilte ar an bPáirc Imeartha!).

Thar aon ní eile, bhraitheas agus braithim i gcónaí go bhfuilim páirteach i gclann CLG. Braithim an tábhacht a bhaineann le dúchas, le hoidhreacht, le m'áit dhúchais, le féiniúlacht agus mórtas as an bhféiniúlacht sin agus táim ag tnúth go mór leis an aistear atá romhainn le chéile. Bígí linn!



# Rath ar an Lorgain agus ar an gCabhán i gComórtas Chú Chulainn

Le Niamh Nic Giolla Dhuibh




Tharla comórtas Cúchulainn CLG Uladh ar na mallaibh in Ionad Spóirt Meadowbank, Machaire Fiolta, le scoileanna agus coláistí ó gach cearn den chúige páirteach ann.

Tugann an tionscnamh seo deis do dhaoine óga ó chúlraí difriúla bheith ag imirt le chéile agus deiseanna a thabhairt do dhaoine óga nach bhfuil baint acu le CLG de ghnáth, foghlaim faoin Chumann.

Chuir CLG Uladh “GAA taster sessions” agus cur i láthair ar “Getting to know the GAA” ar fáil do na scoileanna i mí Feabhra agus i mí an Mhárta, chun ullmhú don chomórtas seo, le breis agus 500 páiste ag glacadh páirte ann.

Is léir ón lá i Machaire Fíolta an caidreamh láidir atá ag na páistí uilig le chéile ó bheith ag imirt le chéile thar an tréimhse seo agus an meas a bhí acu ar na cóitseálaithe a chaith neart ama ag ullmhú don chomórtas leis na páistí. Tá sé tábhachtach go mbíonn cur chuige ionchuimsitheach ag CLG Uladh agus CLG ina iomláine agus is é seo an sprioc atá muid ag iarraidh a bhaint amach leis an tionscnamh seo. Mol an óige agus tiocfaidh sí!

Ghlac an Baile Meánach, An Cabhán, Binn Uamha agus Dún Phádraig páirt i gcomórtas na mbuachaillí. Ghlac Béal Feirste, Cúil Rathain, an Lorgain agus an Sráth Bán páirt i gcomórtas na gcailíní agus ba é sin an chéad uair dóibh a bheith ar an gclár i 2023.

I ndiaidh lae shultmhar de chluichí, bhí rath ar fhoireann Chúchulainn an Lorgain i gComórtas Chorn Chúchulainn don chéad uair. Bhuaigh an Cabhán Corn Chúchulainn na mbuachaillí arís i ndiaidh dóibh an bua a bheith acu 12 mí ó shin.

Ár mbuíochas leis na páistí uilig, na múinteoirí, scoileanna, tuismitheoirí, na cóitseálaithe agus na réiteoirí. Ní neart go cur le chéile!

# Freagraí

*Lch. 10*
***10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh***

1. An Cabhán
2. 9
3. Corcaigh
4. An Clár
5. Craobh Chorn Sheosaimh Mhic Dhonncha
6. David Gough
7. Luimneach
8. Seán Ó Ceallaigh
9. Cill Dara
10. Cathair na Mart

*Lch. 23*
***Crosfhocal***

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 Ó | M | 2 A | O | I | L | 3 M | H | I | C | H | I | 4 L | |
| | | | | O | | | | O | | | | | | Ú | |
| | | 5 D | Ú | N | F | E | A | R | T | | | | | | |
| | | | | T | | | | A | | | 6 I | | | 7 F | |
| | | | | R | | 8 D | Ú | N | M | A | N | M | H | A | Í |
| | | 9 Ó | | O | | | | | | | E | | | R | |
| | | 10 C | Ú | I | G | | 11 F | | | | C | | | R | |
| | | I | | M | | | L | | | | | | | E | |
| | | N | | | | 12 H | A | N | N | O | N | | | L | |
| | | N | | | | | N | | | | | 13 P | O | L | O |
| | 14 S | É | | | | 15 N | A | C | A | I | T | | | | |
| | | I | | | | | G | | | | | | | | |
| | | D | | | | | A | | | | | | | | |
| 16 B | R | E | A | N | D | Á | N | Ó | M | Á | I | R | T | Í | N |



# MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil
don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus
is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna
a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh
agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN